2024/583

12.2.2024

**CINNEADH (CBES) 2024/583 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 8 Feabhra 2024**

**maidir le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 28 Feabhra 2022, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) Rún 2624 (2022), inar cáineadh go fíorghéar líon méadaitheach na dteagmhas amach ó chósta Éimin, lena n-áirítear ionsaithe ar longa sibhialta agus tráchtála chomh maith le hurghabháil agus coinneáil threallach nó neamhdhleathach soithí tráchtála, ar baol suntasach é do shlándáil mhuirí soithí i Murascaill Áidin agus sa Mhuir Rua feadh chósta Éimin.

(2) An 12 Nollaig 2022, ghlac an Chomhairle conclúidí lena ndearbhaítear go bhfuil rannpháirtíocht an Aontais le hÉimin nasctha le príomhleasanna agus príomhghealltanais an Aontais, lena n-áirítear: tacú leis an tsíocháin agus le hord idirnáisiúnta riailbhunaithe; an riachtanas daonnúil chun tacú le muintir Éimin; cur chun feidhme an Chláir Oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil ar fud an domhain; a thábhachtaí atá Éimin do phríomhlínte soláthair fuinnimh agus tráchtearraí eile atá muirbhunaithe agus an cuspóir chun slándáil agus cobhsaíocht réigiún na Murascaille, na Mara Rua agus Chorn na hAfraice a áirithiú; agus an gá atá le leathadh breise eagraíochtaí sceimhlitheoireachta a chosc. Thairis sin, dhearbhaigh an Chomhairle go láidir go bhfuil tionchar láidir ag an tslándáil mhuirí ar thrádáil mhuirí idirnáisiúnta agus go bhfuil an tAontas faoi réir chun dlús a chur lena iarrachtaí muinín a chothú agus sábháilteacht agus slándáil mhuirí a chur chun cinn i mór-réigiún na Murascaille agus sa Mhuir Rua.

(3) An 24 Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Chomhairle conclúidí lenar formheasadh Straitéis athbhreithnithe Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh (SSMAE) agus a Plean Gníomhaíochta, lena leagtar amach an creat don Aontas gníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun a leasanna ar muir a chosaint agus chun a shaoránaigh, a luachanna agus a gheilleagar a chosaint, agus rialacha idirnáisiúnta á gcur chun cinn ag an am céanna agus ionstraimí idirnáisiúnta á gcomhlíonadh go hiomlán, go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS).

(4) Ó mhí Dheireadh Fómhair 2023 i leith, tá go leor ionsaithe Houthi tar éis díriú ar shoithí sa Mhuir Rua, i Murascaill Áidin, sa Mhuir Arabach agus i Murascaill Óman. Cuireann ionsaithe mar sin beatha mairnéalach ar shoithí i mbaol, agus is sárú iad ar shaoirse na mórmhara agus ar an gceart chun gluaiseachta idirthurais trí chaolais a úsáidtear le haghaidh loingseoireacht idirnáisiúnta a chumhdaítear in UNCLOS. Bíonn drochthionchar acu ar loingeas trádála agus ar gheilleagair go leor tíortha san Aontas agus sa réigiún.

(5) An 10 Eanáir 2024, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2722 (2024), inar cáineadh go géar na hionsaithe a rinne trodairí Houthi ar shoithí trádála agus tráchtála, inar leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé cearta agus saoirsí loingseoireachta a bheith á bhfeidhmiú ag soithí de chuid na Stát uile sa Mhuir Rua, lena n-áirítear soithí trádála agus tráchtála a dhéanann idirthuras trí Chaolas Baab al-Mandab, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, inar éilíodh ar na Houthis deireadh a chur láithreach le gach ionsaí den sórt sin, inar dearbhaíodh gur gá urraim a thabhairt d'fheidhmiú cheart agus shaoirsí loingseoireachta na soithí trádála agus tráchtála, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, agus inar tugadh aird ar cheart na mBallstát, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, a soithí a chosaint ar ionsaithe, lena n-áirítear na hionsaithe sin a bhaineann an bonn de na cearta agus na saoirsí loingseoireachta sin.

(6) An 29 Eanáir 2024, tháinig an rinne an Chomhairle Coincheap Bainistithe Géarchéime le haghaidh oibríocht fhéideartha slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh a fhormheas chun an tsaoirse loingseoireachta i ndáil le géarchéim na Mara Rua a chosaint, agus ré thosaigh 1 bhliain aige ón dáta a sheolfar í. I gcomhréir le SSMAE athbhreithnithe, ba cheart, leis an oibríocht sin de chuid SSMAE ('an oibríocht'), go rannchuideofaí leis an tslándáil mhuirí feadh phríomhlínte cumarsáide farraige i limistéar lena n-áirítear an Mhuir Rua, an Mhuir Arabach agus

Murascaill na Peirse, i gcomhar le gníomhaithe móra eile, agus ba cheart for-rochtain taidhleoireachta láidir spriocdhírithe a bheith ag gabháil leis chuig comhpháirtithe Chomhairle Chomhair na Murascaille, gníomhaithe réigiúnacha agus Stáit chósta. Ba cheart, dá bhrí sin, an oibríocht a bhunú. Ba cheart a Limistéar Oibríochta, ar cheart limistéir mhuirí a bheith ann, a shainiú i gcomhréir leis an sainordú a comhaontaíodh sna doiciméid phleanála ábhartha.

(7) Ba cheart é a bheith mar chuspóir straitéiseach ag an oibríocht láithreacht chabhlaigh de chuid an Aontais a áirithiú sa limistéar ina ndéantar ionsaithe, agus é mar aidhm léi saoirse loingseoireachta a áirithiú do shoithí, i ndlúthchomhar le soláthraithe slándála muirí atá ar aon intinn leo.

(8) Chun na críche sin, ba cheart don oibríocht soithí a thionlacan, feasacht ar réimsí muirí a sholáthar agus soithí a chosaint ar ionsaithe ilfhearainn ar muir. Ba cheart gur de chineál cosantach a bheidh an oibríocht sin. Ba cheart do na fórsaí arna n-imscaradh le haghaidh na hoibríochta gníomhú i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta is infheidhme, lena n-áirítear dlí idirnáisiúnta an ghnáis, lena n áirítear féinchosaint i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha, chun cosaint a dhéanamh ar ionsaí atá ar tí tarlú nó ionsaí leanúnach ar a soithí féin, nó soithí tríú páirtí. Ba cheart don oibríocht gníomhú i gcomhréir iomlán le UNCLOS. Ba cheart na rialacha mionsonraithe agus na coinníollacha maidir leis an méid thuas a fhorbairt sa Phlean Oibríochta, lena n-áirítear na Rialacha Aontaithe Comhraic, a bheidh le formheas ag an gComhairle.

(9) Ba cheart don Choiste Polaitiúil agus Slándála, faoi fhreagracht na Comhairle agus an Ardionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, rialú polaitiúil a fheidhmiú ar an oibríocht, treoir straitéiseach a chur ar fáil di agus na cinntí ábhartha a dhéanamh i gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 38 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

(10) Éileoidh dlúthchomhar le soláthraithe slándála muirí a bhfuil an dearcadh céanna acu an fhéidearthacht a bheith ann faisnéis rúnaicmithe suas go dtí an leibhéal 'SECRET UE/EU SECRET' a mhalartú, ar bhonn cómhalartachta agus cuimsitheachta, leis an Oibríocht *Prosperity Guardian* [Caomhnóir Rathúlachta] atá faoi stiúir na Stát Aontaithe, agus leis na Comhfhórsaí Muirí, agus an fhéidearthacht faisnéis rúnaicmithe an Aontais suas go dtí an leibhéal iomchuí a thabhairt do chomhpháirtithe a bhfuil an dearcadh céanna acu, i gcomhréir le Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle ([1]), lena leagtar síos na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais a chosaint.

(11) De bhun Airteagal 41(2) CAE agus i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle ([2]), is iad na Ballstáit a íocfaidh as an gcaiteachas oibríochtúil a eascraíonn as an gCinneadh seo, a bhfuil impleachtaí míleata nó cosanta aige,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**An misean**

1. Bunaíonn an tAontas, leis seo, oibríocht mhíleata slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua. Rannchuideoidh an oibríocht sin leis an tslándáil mhuirí feadh phríomhlínte cumarsáide farraige sa limistéar dá dtagraítear i mír 3, i gcomhar le gníomhaithe móra eile.

2. EUNAVFOR ASPIDES an t-ainm a thabharfar ar an oibríocht.

3. Cuimseoidh an Limistéar Oibríochta Caolas Baab al-Mandab agus Caolas Hormuz, chomh maith le huiscí idirnáisiúnta sa Mhuir Rua, i Murascaill Áidin, sa Mhuir Arabach, i Murascaill Óman agus i Murascaill na Peirsise. Déanfar a theorainneacha mionsonraithe, aon fholimistéar agus an Limistéar Leasa a shainiú sna doiciméid phleanála ábhartha arna bhformheas ag an gComhairle.

4. Is é cuspóir straitéiseach EUNAVFOR ASPIDES láithreacht chabhlaigh an Aontais a áirithiú sa Limistéar Oibríochta agus é mar aidhm léi saoirse loingseoireachta a áirithiú do shoithí, i ndlúthchomhar le soláthraithe slándála muirí atá ar aon intinn leo.

([1]) Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir le rialacha slándála i dtaca le faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1).
([2]) Cinneadh (CBES) 2021/509 an 22 Márta 2021 ón gComhairle lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14).

5. Chun na críche sin, déanfaidh EUNAVFOR ASPIDES an méid seo a leanas, de réir a hacmhainní agus a cumais:

a) soithí a thionlacan sa Limistéar Oibríochta;

b) feasacht ar réimsí muirí sa Limistéar Oibríochta a áirithiú;

c) soithí a chosaint ar ionsaithe ilfhearainn ar muir, agus lánurraim á tabhairt don dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta, i bhfolimistéar den Limistéar Oibríochta.

*Airteagal 2*

**Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh a cheapadh**

Leis seo, ceaptar an Ceannasóir Vasileios GRYPARIS mar Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh ar EUNAVFOR ASPIDES.

*Airteagal 3*

**Ceanncheathrú Oibríochta an Aontais a ainmniú**

Lonnófar Ceanncheathrú Oibríochta EUNAVFOR ASPIDES in Larissa, an Ghréig.

*Airteagal 4*

**Rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach**

1. Faoi fhreagracht na Comhairle agus an Ardionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, feidhmeoidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach EUNAVFOR ASPIDES.

2. Leis seo, údaraíonn an Chomhairle an Coiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Áireofar leis an údarú sin na cumhachtaí chun na doiciméid phleanála a leasú, lena n-áirítear an Plean Oibríochta, an slabhra Ceannais agus na Rialacha Comhraic. Áireofar leis freisin na cumhachtaí chun cinntí a dhéanamh maidir le ceapadh Cheannaí Oibríochtúil an Aontais Eorpaigh agus Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh. Leanfaidh na cumhachtaí cinnteoireachta maidir le cuspóirí agus deireadh EUNAVFOR ASPIDES de bheith dílsithe don Chomhairle.

3. Tabharfar eolas cothrom le dáta maidir le stiúradh EUNAVFOR ASPIDES don Choiste Polaitiúil agus Slándála go rialta agus, go háirithe, tuairisceoidh Cathaoirleach Choiste Mhíleata an Aontais Eorpaigh (EUMC) don Choiste Polaitiúil agus Slándála go tráthrialta. Féadfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála cuireadh a thabhairt do Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh nó do Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh chuig a chruinnithe, de réir mar is iomchuí.

4. Cuirfidh Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh tuarascálacha maidir le stiúradh EUNAVFOR ASPIDES ar fáil don Choiste Polaitiúil agus Slándála gach 2 mhí.

5. Tuairisceoidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála don Chomhairle go tráthrialta.

*Airteagal 5*

**Treoir mhíleata**

1. Déanfaidh EUMC faireachán ar chur i bhfeidhm cuí EUNAVFOR ASPIDES arna ndéanamh faoi fhreagracht Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh.

2. Tuairisceoidh Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh do EUMC go tráthrialta. Féadfaidh EUMC cuireadh a thabhairt do Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh nó do Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh chuig cruinnithe dá chuid, de réir mar is iomchuí.

3. Feidhmeoidh Cathaoirleach EUMC mar phríomhphointe teagmhála Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 6*

**Comhsheasmhacht fhreagairt agus chomhar an Aontais le tríú páirtithe**

1. Áiritheoidh an tArdionadaí cur chun feidhme an Chinnidh agus a chomhsheasmhacht le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais ar an iomlán, lena n-áirítear cláir forbartha an Aontais agus a chúnamh daonnúil.

2. Feidhmeoidh an tArdionadaí, le cúnamh ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), mar phríomhphointe teagmhála leis na Náisiúin Aontaithe, le húdaráis na dtíortha sa réigiún agus le gníomhaithe ilnáisiúnta agus déthaobhacha eile, lena n-áirítear Comhairle Chomhair na Murascaille, Léig na Stát Arabach, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Ríocht Aontaithe.

3. Comhordóidh EUNAVFOR ASPIDES go dlúth le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA), arna bunú le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES ón gComhairle ([3]).

4. Comhoibreoidh EUNAVFOR ASPIDES le hOibríocht *Prosperity Guardian* [Caomhnóir Rathúlachta], leis na Comhfhórsaí Muirí agus le Stáit toilteanacha a rannchuidíonn leis an tslándáil mhuirí ina Limistéar Oibríochta.

5. Déanfaidh EUNAVFOR ASPIDES idirchaidreamh dlúth leis an tionscal loingis, go háirithe trí Lárionad Slándála Muirí Chorn na hAfraice (MSCHOA).

6. Oibreoidh EUNAVFOR ASPIDES i gcomhar le húdaráis ábhartha na mBallstát, le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha an Aontais, go háirithe Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh (SATCEN), agus le misin agus oibríochtaí ábhartha CBSC, go háirithe le misean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia), arna bhunú le Cinneadh 2010/96/CBES ón gComhairle ([4]), agus le Misean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia), arna bhunú le Cinneadh ón gComhairle 2012/389/CBES ([5]).

7. Tabharfaidh SATCEN agus Lárionad Faisnéise agus Staide an Aontais Eorpaigh tacaíocht do EUNAVFOR ASPIDES chun faisnéis a bhailiú mar is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh.

*Airteagal 7*

**Rannpháirtíocht tríú Stát**

1. Gan dochar do neamhspleáchas cinnteoireachta an Aontais ná don chreat institiúideach aonair, agus i gcomhréir le treoirlínte ábhartha na Comhairle Eorpaí, féadfar cuireadh a thabhairt do thríú Stáit a bheith rannpháirteach in EUNAVFOR ASPIDES.

2. Leis seo, tugann an Chomhairle údarás don Choiste Polaitiúil agus Slándála a iarraidh ar thríú Stáit rannchuidiú a thairiscint agus na cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le glacadh leis an rannchuidiú atá beartaithe, ar mholadh ó Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh agus ó EUMC.

3. Beidh socruithe mionsonraithe do rannpháirtíocht tríú Stáit ina n-ábhar do chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích de bhun Airteagal 37 CAE agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcás comhaontú a bheith tugtha i gcrích ag an Aontas agus ag tríú Stát lena mbunaítear creat do rannpháirtíocht an tríú Stáit i misin bainistíochta géarchéime de chuid an Aontais, beidh feidhm ag forálacha comhaontaithe den sórt sin i gcomhthéacs EUNAVFOR ASPIDES.

4. Beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna ag tríú Stáit a thugann rannchuidiú suntasach míleata do EUNAVFOR ASPIDES i dtaobh bhainistiú laethúil EUNAVFOR ASPIDES agus a bhíonn ag na Ballstáit a ghlacann páirt inti.

([3]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES ón gComhairle an 10 Samhain 2008 maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA) (IO L 301 12.11.2008, lch. 33).

([4]) Cinneadh 2010/96/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2010 maidir le misean míleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le hoiliúint Fhórsaí Slándála na Somáile (IO L 44, 19.2.2010, lch. 16).

([5]) Cinneadh 2012/389/CBES ón gComhairle an 16 Iúil 2012 maidir le Misean an Aontais Eorpaigh um Fhothú Acmhainneachta sa tSomáil (EUCAP Somalia) (IO L 187, 17.7.2012, lch. 40).

5. Leis seo, tugann an Chomhairle údarás don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a ghlacadh maidir le Coiste na gCuiditheoirí a bhunú, i gcás go dtabharfadh tríú Stáit rannchuidiú suntasach míleata.

*Airteagal 8*

**Stádas na foirne atá faoi stiúir an Aontais**

Déanfar stádas na n-aonad agus na foirne atá faoi stiúir an Aontais a shainiú, nuair is gá, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

*Airteagal 9*

**Socruithe airgeadais**

1. Riarfar costais choiteanna EUNAVFOR ASPIDES i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509.

2. EUR 8 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha do chostais choitinne EUNAVOR ASPIDES. Is 30 % i ngealltanais agus 30 % in íocaíochtaí a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509.

*Airteagal 10*

**Scaoileadh agus malartú faisnéise**

1. Beidh sé d'údarás ag an Ardionadaí aon doiciméid neamhaicmithe de chuid an Aontais atá bainteach le plé na Comhairle i ndáil le EUNAVFOR ASPIDES agus atá cumhdaithe ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla de bhun Airteagal 6(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle ([6]) a scaoileadh le tríú Stáit ainmnithe, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir le riachtanais oibríochtúla EUNAVFOR ASPIDES. Ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha sin, ainmneoidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála na tríú Stáit lena mbaineann de réir an cháis.

2. Beidh sé d'údarás ag an Ardionadaí, mar is iomchuí agus i gcomhréir le riachtanais oibríochtúla EUNAVFOR ASPIDES, faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais arna gineadh chun críocha EUNAVFOR ASPIDES, a scaoileadh le tríú Stáit ainmnithe i gcomhréir le Cinneadh 2013/488/AE, mar a leanas:

(a) suas go dtí an leibhéal dá bhforáiltear sa Chomhaontú maidir le Slándáil Faisnéise is infheidhme arna gcur i gcrích idir an tAontas agus an tríú Stáit lena mbaineann; nó

(b) suas go dtí an leibhéal 'RESTREINT UE/EU RESTRICTED' le haghaidh faisnéis a scaoiltear leis an Éigipt, le Comhairle Chomhair na Murascaille agus lena Ballstáit, leis an India, agus le tríú Stáit eile arna n-ainmniú ag an gCoiste Polaitiúil agus Slándáil.

3. Leis seo, údaraítear an tArdionadaí faisnéis rúnaicmithe atá ábhartha chun críocha EUNAVFOR ASPIDES suas go dtí an leibhéal 'SECRET UE/EU SECRET' a mhalartú le hOibríocht *Prosperity Guardian* [Caomhnóir Rathúlachta] agus leis na Comhfhórsaí Muirí, tríd an gceanncheathrú atá acu, i gcás inar gá malartú den sórt sin ar leibhéal láthair na n-oibríochtaí ar chúiseanna oibríochtúla, i gcomhréir le Cinneadh 2013/488/AE agus faoi réir socruithe idir an tArdionadaí agus údaráis inniúla na n-oibríochtaí sin.

4. Déanfar an scaoileadh agus an malartú faisnéise dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na cómhalartachta agus na cuimsitheachta. Láimhseálfaidh EUNAVFOR ASPIDES faisnéis rúnaicmithe a fhaightear gan aon idirdhealú a dhéanamh idir a fhoireann féin agus ar bhonn riachtanais oibríochtúla amháin.

5. Beidh sé d'údarás ag an Ardionadaí na socruithe is gá a chur i gcrích chun na forálacha maidir le scaoileadh nó malartú faisnéise sa Chinneadh seo a chur chun feidhme.

([6]) Cinneadh 2009/937/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (IO L 325, 11.12.2009, lch. 35).

6. I gcomhréir le Roinn VII d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Cinneadh 2013/488/AE, féadfaidh an tArdionadaí na húdaruithe a thabhairt d'oifigigh SEGS, do Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh nó do Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh chun faisnéis a scaoileadh nó a mhalartú chomh maith leis an gcumas na socruithe dá dtagraítear san Airteagal seo a chur i gcrích.

*Airteagal 11*

**Teacht i bhfeidhm agus foirceannadh**

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Tiocfaidh deireadh le EUNAVFOR ASPIDES 1 bhliain amháin ón dáta a seolfar é.

3. Déanfar athbhreithniú straitéiseach ar EUNAVFOR ASPIDES in am trátha sula rachaidh an Cinneadh seo in éag.

4. Déanfar an cinneadh seo a aisghairm ó dháta dúnta Cheanncheathrú Oibríochta an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le pleananna a formheasadh chun deireadh a chur le EUNAVFOR ASPIDES agus gan dochar do na nósanna imeachta maidir le cuntais EUNAVFOR ASPIDES a iniúchadh agus a chur i láthair a leagtar síos i gCinneadh (CBES) 2021/509.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Feabhra 2024.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
H. LAHBIB